# Clár oibre don Éisteacht Ó Bhéal

# PL93.248547

| Dáta | 9 Deireadh Fómhair 2017 |
|---|---|
| Ag tosú | 1.30 pm |
| Áit | Seomra an Dúin Mhóir, Óstán an Túir, An Meala, Port Láirge. |

Baineann an éisteacht le togra beartaithe chun 285 teach/teachín a thógáil, agus rochtain d'fheithiclí agus do choisithe agus oibreacha suímh a sholáthar ag an gCnoc Buí, Port Láirge.

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a sholáthar do gach páirtí, ar mian leo, tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh seachas na cinn scríofa atá déanta cheana féin, agus deis a thabhairt don Chigire soiléiriú a dhéanamh ar aon ábhar pleanála nó aighneacht a fuarthas. Beidh deis ag daoine ceisteanna a chur nó soiléiriú a fháil ar aighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht.

Níl dualgas dá laghad ar aon duine aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal ná ceisteanna a chur ar na páirtithe eile. Déanfaidh an Cigire agus an Bord machnamh ar gach aighneacht scríofa a fuarthas cheana féin. Dá bhrí sin ní gá athrá a dhéanamh ag an éisteacht ar aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn cheana.

Ag deireadh na héisteachta ó bhéal, ullmhóidh an Cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás don Bhord. Is é an Bord a dhéanfaidh an cinneadh cead a thabhairt nó a dhiúltú.

Tá an clár oibre agus ord teacht i láthair na héisteachta ó bhéal leagtha amach thíos, mar aon le clár ama. Ba cheart do rannpháirtithe a chur san áireamh gur clár ama táscach amháin é seo, agus gur féidir go n-athróidh sé i gcúrsa na héisteachta ó bhéal.

# Clár Oibre

<table>
<tr><th colspan="2">Dé Luain 9 Deireadh Fómhair, 2017<br>Tosóidh an Éisteacht ó Bhéal ar 1:30pm</th></tr>
<tr><th>Am</th><th>Ábhar</th></tr>
<tr><td>1:30pm</td><td>Oscailt na héisteachta ó bhéal</td></tr>
<tr><td rowspan="2"></td><td>• Iarratasóir:<br>o Achoimre ar an bhforbairt bheartaithe (10 nóim. ar a mhéad)<br>o Freagra ar cheisteanna a cuireadh sna hachomhairc</td></tr>
<tr><td>• Údarás pleanála</td></tr>
<tr><td rowspan="5">PM</td><td>• Comhlachtaí forordaithe</td></tr>
<tr><td>• Aighneachtaí na n-achomharcóirí</td></tr>
<tr><td>• Ceisteanna idir na páirtithe</td></tr>
<tr><td>• Ráitis deiridh san ord seo a leanas:<br>o Achomharcóirí<br>o Údarás Pleanála<br>o Iarratasóir</td></tr>
<tr><td>• Dúnadh na héisteachta ó bhéal</td></tr>
</table>